1916 2016

CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

Centenary Programme

AN CLÁR / CLARE

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary Programme

1916

The Seven Programme Strands
Seacht Snáithe an Chláir

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

The Living Language
An Teanga Bheo

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an
Domhain agus an Diaspóra

the ireland 2016 centenary programme is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

tá éire 2016: clár comórtha céad bliain bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Forward
Brollach

Although actual activity on the ground in Clare in 1916 would appear sparse, historical resources such as the Military Archives reveal a different story – the county was indeed in a state of readiness with drilling and parading of local volunteers, attempts at acquiring arms and a level of secret mobilisation initiated in preparation to strike when the call to arms was received. The rescinding of the command to mobilise and news that the arms shipment from Germany had been discovered laid waste to plans for rebellion in both Clare and Limerick but drove a number of Claremen to join the forces in Dublin instead and thus, they became actively involved in the Rising.

'A Disloyal and Disturbed District', The Easter Rising of 1916 in Clare — Impact and Legacy

Dr. Tomás Mac Conmara

On 3rd July 1916, the Member of Parliament for West Clare, Arthur Lynch, rose to speak in the British House of Commons. Two months previously, several of his constituents in county Clare had been arrested for their alleged involvement with the Easter Rising in Dublin. Lynch asked the Home Secretary, Herbert Samuel, about prisoners from Clare and encouraged their release in consideration of the fact that there was no disturbance of the peace in the county. Lynch warned that 'what was a loyal district' could be transformed into 'a disloyal and disturbed district'. Lynch's characterisation of county Clare was understandable. Overtly, little activity had occurred in the county as events in Dublin unfolded. Furthermore, the Irish Parliamentary Party (IPP), which he represented, had maintained a relative monopoly of political power in the county for almost four decades. The numbers of Claremen dying in the British war effort was increasing and would eventually rise to 600 by the war's conclusion.

Cé gur dhealraitheach go raibh an ghníomhaíocht féin ar an talamh sa Chlár i 1916 scáinte, déantar scéal éagsúil a insint in acmhainní stairiúla, ar nós na gCartlann Míleata – bhí an contae ullamh, go deimhin, agus bhí na hÓglaigh áitiúla i mbun druileanna agus mórshiúlta, cuireadh tús le hiarrachtaí chun airm a fháil agus le leibhéal de shlógadh rúnda mar ullmhúcháin chun ionsaí a dhéanamh nuair a fuarthas an ghairm slógaidh. Chuir cealú an ordaithe chun slógadh a dhéanamh agus an nuacht gur thángthas ar an lastas arm ón nGearmáin, na pleananna le haghaidh éirí amach sa Chlár agus i Luimneach ar ceal, ach spreag sé líon Cláiríneach chun gabháil leis na fórsaí i mBaile Átha Cliath ina ionad sin, agus ar an ábhar sin, d'éirigh leo páirt ghníomhach a bheith acu san Éirí Amach.

'Ceantar Mídhílis agus Corraithe' Éirí Amach na Cásca 1916 sa Chlár — Tionchar agus Oidhreacht

an Dr Tomás Mac Conmara

An 3 Iúil 1916, sheas an Feisire d'Iarthar an Chláir, Arthur Lynch, chun labhairt i dTeach na dTeachtaí de chuid na Breataine. Dhá mhí roimhe sin, gabhadh roinnt dá vótálaithe sa toghcheantar i gContae an Chláir mar gheall gur líomhnaíodh go raibh baint acu le hÉirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath. D'fhiafraigh an Loingseach den Rúnaí Baile, Herbert Samuel, faoi phríosúnaigh ón gClár agus spreag sé a scaoileadh saor trí iarraidh orthu a thabhairt san áireamh nár cuireadh isteach ar an tsíocháin sa chontae. Thug an Loingseach an rabhadh go bhféadfaí 'ceantar mídhílis agus corraithe' a dhéanamh de 'cheantar dílis'. Thuigfí don saintréithiú a rinne an Loingseach ar Chontae an Chláir. Dar ndóigh, ba bheag gníomhaíocht a tharla sa chontae de réir mar a thit na himeachtaí amach i mBaile Átha Cliath. De bhreis air sin, choimeád Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (IPP), a ndearna sé ionadaíocht dóibh, monaplacht choibhneasta de chumhacht pholaitiúil sa chontae ar feadh nach mór daichead bliain. Bhí na líonta de Chláirínigh a bhí á marú in iarracht cogaidh na Breataine ag dul i méid agus bhainfeadh sé 600 fear amach ar deireadh faoin tráth a bhí an cogadh thart.

The press, various council assemblies and church authorities seemed ostensibly opposed to the attempted rebellion. However, Lynch's interpretation requires consideration. His assessment of county Clare during the Rising was based on a reading of the public political landscape. For a more accurate reading, Lynch needed to examine his country more closely. Doing so would reveal, according to the Fenian P.S. Hegarty, that 'underneath its surface placidity, Ireland was seething'. Any assessment of the Easter Rising and its relevance to county Clare must therefore be understood in the political context and environment of the time. Equally, the legacy of the event should be considered in light of how history unfolded over the following years.

Prior to the 1916 Easter Rising, the political environment in Ireland was not one conducive to public expression of radical thought. In north Clare the Fenian activist, Tomás Ó Loughlen from Carron, was repeatedly arrested and harassed by British authorities for distributing republican newspapers like The Spark and The Volunteer. Equally, underground members of the Irish Republican Brotherhood (IRB), such as Micheál Brennan in south-east Clare and Art O'Donnell in west Clare, recalled constant surveillance and harassment for their support of a separatist ideology. In fact, prior to 1916, IPP members P.J. Linnane and Willie Redmond were themselves jailed for making 'inflammatory statements' and 'seditious remarks' respectively. The reality that there was little room for the development of an alternative ideology meant that the republican movement necessarily remained underground and could not find traction with overt political sentiment. However, when the atmosphere for expression later became more open a radically different sentiment was revealed in Clare. The swing in majority opinion from Home Rule nationalism to Fenian separatism in the aftermath of the 1916 Rising was not a simple product of cause and effect.

Ba dhealraitheach go raibh na nuachtáin, tionóil éagsúla na gcomhairlí agus údaráis na heaglaise i gcoinne iarracht an éirí amach. Is gá machnamh a dhéanamh ar léirmhíniú an Loingsigh, áfach. Bhí an measúnú a rinne sé ar Chontae an Chláir i rith an Éirí Amach bunaithe ar thuiscint ar an tírdhreach polaitiúil poiblí. Chun teacht ar thuiscint níos cruinne, ba ghá don Loingseach scrúdú ní ba dhlúithe a dhéanamh ar a thír. B'éard a nochtfaí, trí sin a dhéanamh, ná 'underneath its surface placidity, Ireland was seething', dar leis an bhFínín, P.S. Hegarty. Ní mór aon mheasúnú a dhéantar ar Éirí Amach na Cásca agus an méid a bhain sé le Contae an Chláir a thuiscint i gcomhthéacs agus i dtimpeallacht pholaitiúil an trátha sin, ar an ábhar sin. Ar an gcuma chéanna, ba cheart breithniú a dhéanamh ar oidhreacht an imeachta i gcomhthéacs conas a thit an stair amach i gcaitheamh na mblianta dá éis sin.

Roimh Éirí Amach na Cásca 1916, níor chuir an timpeallacht pholaitiúil in Éirinn le smaoineamh radacach a nochtadh go poiblí. I dtuaisceart an Chláir, rinne údaráis na Breataine an gníomhaí Fíníneach, Tomás Ó Lochlainn, ón gCarn, a ghabháil agus a chiapadh mar gheall gur scaip sé nuachtáin phoblachtacha ar nós The Spark agus The Volunteer. Ar an gcuma chéanna, rinneadh faireachas agus ciapadh leanúnach ar chomhaltaí 'faoi thalamh' de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (an IRB), ar nós Mhichíl Uí Bhraonáin in oirdheisceart an Chláir agus Airt Uí Dhónaill in iarthar an Chláir mar gheall gur thacaigh siad le hidé-eolaíocht scarúnaíoch. I bhfírinne, roimh 1916, cuireadh na comhaltaí den IPP, P.J. Linnane agus Willie Redmond, chun príosúin i ngeall ar 'inflammatory statements' agus 'seditious remarks', faoi seach, a dhéanamh. Mar gheall nach raibh ach beagán de dheis ann, i bhfírinne, chun idé-eolaíocht mhalartach a fhorbairt, ba ghá don ghluaiseacht phoblachtach a choimeád faoin talamh agus níorbh fhéidir léi dul ó neart go neart mar gheall ar an meon fairsing polaitiúil. Nuair a tháinig fairsingiú ar an atmaisféar chun tuairimí a nochtadh, áfach, nochtadh meon fíor-éagsúil sa Chlár. Ní raibh an t-iompú ar thuairim an tromlaigh ó náisiúnachas an Rialtais Dúchais chuig scaradh Fíníneach in iarthréimhse Éirí Amach 1916 mar thoradh simplí ar chúis agus éifeacht.

A prevailing undercurrent of dissatisfaction in Ireland in the lead up to the rising was evident, the primary vehicle for which was the IRB. The emergence of republicanism in Clare was thus largely ensured by its retention in the minds of a relatively small group of Fenians across the county. The embers of the Fenian tradition were kept alive where stories of former attempts at rebellion were passed from generation to generation amidst the glow of open-hearth fires. By the eve of the rising, men like Peadar Clancy and Jimmy Slattery in Dublin as well as the Brennans and O'Donnells in Clare, were ready to embrace what they felt was their inherited responsibility to strike a blow for Irish freedom.

Largely as a result of the Eoin MacNeil countermand, Clare republicans played a limited part in the Easter Rising activities. However, they ensured that overt expressions of support were noted in Bunratty, Corofin, Carrigaholt and Garraunboy where forces of Irish Volunteers were mobilised. In west Clare Molly Behan sheltered men in her hotel in Carrigaholt, who were hoping to receive arms from the landing of a German vessel posing as the Norwegian Aud. In Dublin, Cranny's Peadar Clancy, Martin Lynch from Coolmeen and Jimmy Slattery from Bodyke were prominent in the fighting. It has been since suggested that the Canny brothers from Tulla, as well as west Clare's PJ Hogan and Murt Tubridy also participated directly in the rising.

When in June 1917, the sitting MP for east Clare, Willie Redmond, was killed fighting in France, county Clare took centre stage in the national story and it was perhaps then that the legacy of the Easter Rising became more real. The election of Sinn Féin's Eamon de Valera in the east Clare by-election of July 1917 was followed by an offensive undertaken by Clare Volunteers against the British authorities.

Ba léir gur bhraith an formhór míshásamh in Éirinn i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an éirí amach, agus ba iad an IRB an príomhrud a spreag an míshásamh sin. Ar an ábhar sin, bhí teacht chun cinn an phoblachtachais sa Chlár deimhnithe, den chuid ba mhó mar gheall go raibh grúpa sách beag d'Fhínínigh ar fud an chontae gafa leis. Coimeádadh gríosach thraidisiún na bhFíníní deargtha nuair a cuireadh scéalta faoi iarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun éirí amach a bhaint amach ó ghlúin go glúin os comhair lasracha tinte teallaigh oscailte. Faoin oíche roimh an éirí amach, bhí fir ar nós Pheadair Clancy agus Jimmy Slattery i mBaile Átha Cliath, i dteannta mhuintir Uí Bhraonáin agus Uí Dhónaill sa Chlár, réidh chun tabhairt faoin bhfreagracht a bhraith siad a leagadh orthu a chomhlíonadh agus chun an fód a sheasamh ar mhaithe le saoirse na hÉireann.

Go mór mar thoradh ar fhreasordú Eoin Mhic Néill, ghlac poblachtaigh an Chláir páirt theoranta i ngníomhaíochtaí Éirí Amach na Cásca. Chinntigh siad, ar a shon sin, gur taispeánadh tacaíocht shoiléir i mBun Raite, Cora Finne, Carraigh an Chabhaltaigh agus sa Gharrán Bán, áit a raibh fórsaí Óglaigh na hÉireann bailithe thart. In iarthar an Chláir, rinne Molly Uí Bheacháin fothain a thabhairt d'fhir ina teach ósta i gCarraig an Chabhaltaigh, a raibh súil acu le hairm a fháil ó theacht i dtír báid Ghearmánaigh a lig air bheith mar Aud na hIorua. I mBaile Átha Cliath, ghlac Peadar Clancy de bhunadh na Crannaí, Máirtín Ó Loingsigh ón gCúil Mhín agus Jimmy Ó Slataire ó Lúbán Díge, páirt mhór sa troid. Tugadh le tuiscint ó shin i leith gur ghlac deartháireacha Uí Chainnia ón Tulach, mar aon le PJ Ó hÓgáin agus Murt Ó Tiobraide ó iarthar an Chláir, páirt dhíreach san éirí amach chomh maith.

Nuair a maraíodh an Feisire a raibh suíochán aige d'iarthar an Chláir, Willie Redmond, sa Fhrainc, bhí Contae an Chláir i lár báire sa scéal náisiúnta agus is ag an tráth sin go mb'fhéidir go ndearnadh oidhreacht Éirí Amach na Cásca a fhíorú. Lean ionsaí ag Óglaigh an Chláir i gcoinne údaráis na Breataine toghadh Éamon de Valera de chuid Shinn Féin san fhothoghchán in Iúil 1917.

This would culminate in the Mountjoy Hunger Strike of September 1917, which saw the death of Tomás Ashe and a subsequent upsurge in support for republicanism. In the setting of the now popularised Easter Rising, the hunger strike found traction with a renewed Irish psyche. This trend of increasing republican activity continued in the county, and in February 1918, Clare became the "first Special Military Area" in the country. By mid 1919, IRA companies were established in almost every parish in the county and Clare was now a hotbed of advanced republican activity, which would continue throughout the War of Independence and Civil War.

The Easter Rising of 1916, as a category of memory, has always held a powerful place in the Irish psyche. When considered against the prevailing political environment, county Clare can be proud of its contribution. However, the legacy of the Rising in Clare becomes more potent when understood in the context of how the county embraced its philosophy and message and played a leading role in the struggle for Irish freedom over the succeeding years. In townlands, villages and parishes of Clare, the men of the IRA and the women of Cumann na mBan, together with their supporters, undertook momentous challenges and made significant sacrifices in order to deliver liberty to their people. Because of the localised nature of these activities, the vernacular memory over time subverted the national and the local experience became a more immediate reference point for the people of Clare. The entire mnemonic landscape in Clare demonstrates the importance of the struggle for Irish independence in the consciousness of the people. The increasing focus on the Easter rising as a national event presents an opportunity to deepen our understanding of its legacy and of the enduring message of its leaders.

Bheadh Stailc Ocrais Mhuinseo i Meán Fómhair 1917 mar thoradh air seo, ina bhfuair Tomás Ashe bás, mar aon le treisiú na tacaíochta leis an bpoblachtachas ina dhiaidh sin. I gcomhthéacs Éirí Amach na Cásca, a bhí i mbéal an phobail faoin tráth seo, spreag an stailc ocrais tacaíocht tar éis go raibh feasacht athnuaite ag muintir na hÉireann ar chúrsaí. Lean an treocht seo de ghníomhaíocht mhéadaitheach phoblachtach sa chontae, agus i bhFeabhra 1918, rinneadh "an chéad Limistéar Míleata Speisialta" sa tír den Chlár. Faoi lár na bliana 1919, bhí complachtaí bunaithe i ngach mór gach paróiste sa chontae agus bhí sa Chlár faoin tráth sin áit a raibh ardghníomhaíocht phoblachtach theasaí ar siúl, a leanfadh ar aghaidh i gcaitheamh Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha.

Ábhar cumhachtach i meon na hÉireann atá in Éirí Amach na Cásca 1916, mar chatagóir chuimhne riamh anall. Nuair a chuirtear san áireamh é i gcoinne na timpeallachta polaitiúla um an dtaca sin, ábhar bróid is ea an méid a chuir Contae an Chláir leis an éirí amach. Treisítear oidhreacht an Éirí Amach sa Chlár, áfach, nuair a dhéantar é a thuiscint i gcomhthéacs conas a d'fháiltigh an contae roimh a fhealsúnacht agus a theachtaireacht agus ghlac an contae ról ceannais sa streachailt do shaoirse na hÉireann i gcaitheamh na mblianta dá éis sin. I mbailte fearainn, sráidbhailte agus paróistí an Chláir, thug fir an IRA agus mná Chumann na mBan, mar aon lena lucht tacaíochta, faoi olldúshláin agus rinne siad íobairtí suntasacha ar mhaithe le saoirse a bhronnadh ar mhuintir a dtíre. Mar gheall gur tharla na gníomhaíochtaí seo go háitiúil, rinne an chuimhne dhúchasach le himeacht ama beag is fiú den eispéireas náisiúnta agus rinneadh pointe tagartha níos láithrí as an eispéireas áitiúil do mhuintir an Chláir. Léiríonn an tírdhreach iomlán cuimhneolaíoch sa Chlár an tábhacht a bhain leis an streachailt do neamhspleáchas na hÉireann i gcoinsias na ndaoine. Cruthaíonn an díriú méadaitheach ar Éirí Amach na Cásca mar imeacht náisiúnta an deis chun an tuiscint atá againn ar a oidhreacht agus ar theachtaireacht sheasmhach a cheannairí.

Highlights of programme

In preparation for the 1916/2016 commemoration Clare County Council held public consultation workshops in Ennis, Shannon, Kilrush and Scariff over four nights from 15th to the 18th June, 2015. These workshops were facilitated by the Ireland 2016 office and attended by over 100 people. 31 completed applications for funding were received by 31st July. The following programme reflects the community response to calls on how best the public in Clare wish to commemorate 1916 in 2016. The national programme reflects a number of strands and the Clare programme attempts to mirror this. Events of 1916 and the following years are very much intertwined in the memory of Clare people as one continuous event or period in time. This is evidenced in the planned publication of Clare Military Monuments 1916-1921 by the Clare 22 Battalion Association and a number of commemoration groups who wish to add a 1916 proclamation plaque to an existing commemorative site. The town of Kilrush in West Clare has planned an ambitious year long celebration of 1916 beginning with the launch of a programme in January 2016 – a themed St Patrick's Day Parade and commemoration ceremonies in March, with GAA and sports events, lectures and theatrical events and a summer event celebrating 100 years of West Clare music, song and dance. Peadar Clancy and Con Colbert are remembered in Cranny and Cooraclare while the production of the sculptures of "The Homecoming" and the standing stones monument in Shannon will create lasting legacies of this period of commemoration and celebration. The Frongoch album acquired by the County Museum last year will be on display throughout 2016. It brings an element of reality to talks about the period and is a lasting reminder of the men involved in this part of our nation's history.

Buaicphointí an chláir

Mar ullmhúchán do Chomóradh 1916/2016, chuir Comhairle Contae an Chláir ceardlanna comhairliúcháin phoiblí ar siúl in Inis, Sionainn, Cill Rois agus sa Scairbh i gcaitheamh cheithre oíche ón 15 go dtí an 18 Meitheamh 2015. D'éascaigh Oifig Éire 2016 na ceardlanna seo agus d'fhreastail os cionn 100 duine orthu. Fuarthas 31 iarratas comhlánaithe ar chistiú faoin 31 Iúil. Léiríonn an clár a leanas freagairt an phobail do ghairmeacha ar conas is mian leis an bpobal sa Chlár an comóradh is fearr a dhéanamh ar 1916 in 2016. Léirítear sa chlár náisiúnta líon snáitheanna agus déantar iarracht i gclár an Chláir chun seo a mhacasamhlú.
Tá imeachtaí 1916 agus na mblianta ina dhiaidh sin fite fuaite go mór lena chéile i gcuimhne na gCláiríneach mar imeacht leanúnach amháin nó mar thréimhse amháin ama. Is léir seo i bhfoilsiú pleanáilte 'Clare Military Monuments 1916-1921' ag Cumann 22ú Cathlán an Chláir agus ag roinnt grúpaí comórtha ar mian leo plaic Fhorógra 1916 a chur le suíomh reatha comórtha. Tá ceiliúradh uaillmhianach 1916 ar feadh na bliana ar na bacáin i mbaile Chill Rois in Iarthar an Chláir agus seolfar an clár in Eanáir 2016 – beidh Mórshiúl Téamach Lá Fhéile Pádraig agus searmanais chomórtha ar siúl i Márta, beidh imeachtaí CLG agus spóirt ar siúl, beidh léachtaí agus imeachtaí amharclannaíochta agus imeacht samhraidh ar siúl a dhéanfaidh ceiliúradh ar cheol, amhráin agus rince Iarthar an Chláir ar feadh 100 bliain. Cuimhnítear ar Pheadar Clancy agus Con Colbert sa Chrannaigh agus i gCuar an Chláir agus cruthóidh cruthú na ndealbh "The Homecoming" agus séadchomhartha na ngallán sa tSionainn oidhreacht mharthanach den tréimhse seo de chomóradh agus de cheiliúradh. Beidh albam Frongoch, a fuair Músaem an Chontae anuraidh, ar taispeáint i gcaitheamh 2016. Cuireann sé gné den fhírinne le cainteanna faoin tréimhse agus is meabhrúchán marthanach é de na fir a ghlac páirt sa chuid seo de stair ár náisiúin.

Legacy

Taking into consideration the community's response to the commemoration of 1916/2016 through the consultation process, it is evident that there is a great interest in this period of history in Clare. Local memories have survived which now seek expression, and through a year long series of lectures, exhibitions, ceremonies and schools programmes it is hoped that both adult and child alike will gain a knowledge and understanding of what 1916 was about, how it related to Clare and how it influenced what came after. There is a pride in the Irish flag, a pride in Irish identity and an earnest wish to display this pride and for the county to be part of the national commemoration.

Oidhreacht

Nuair a chuirtear san áireamh freagairt an phobail do chomóradh 1916/2016 tríd an bpróiseas comhairliúcháin, is léir go bhfuil ollspéis sa tréimhse seo den stair sa Chlár. Tá cuimhní áitiúla fós beo agus lorgaítear anois iad a chur i bhfocail, agus trí shraith léachtaí, taispeántas, searmanas agus cláir scoile a mhairfidh bliain, táthar ag súil leis go mbainfidh idir óg agus aosta eolas agus tuiscint amach ar a raibh i gceist le 1916, conas a bhain sé leis an gClár agus conas a d'imir sé tionchar ar an méid a tharla ina dhiaidh sin. Táthar bródúil as bratach na hÉireann, táthar bródúil as féiniúlacht na hÉireann agus tá sé d'fhíor-rún againn an bród seo a léiriú agus go mbeidh páirt ag an gcontae sa chomóradh náisiúnta.

Programme
An Clár

Ceremonial
Searmanais

Causeway Link, Ennis Nasc an Chabhsa, Inis	**Clare Peace Park Initiative** have been working with Clare County Council on this project for three years, it is intended that the Peace Park will be unveiled as one of the key commemorative events of 1916 in Ennis. The Peace Park will commemorate those who lost their lives in World War I including 213 Clare men in 1916 alone. clarepeaceparkinitiative.com	Bhí Tionscnamh **Páirc Shíochána an Chláir** ag oibriú le Comhairle Contae an Chláir ar an tionscadal seo le trí bliana anuas. Tá sé beartaithe go gcuirfear Páirc na Síochána i láthair go poiblí mar cheann de na príomhimeachtaí comórtha de chuid 1916 in Inis. Déanfaidh Páirc na Síochána comóradh orthu siúd a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda, 213 Cláiríneach i 1916 amháin ina measc. clarepeaceparkinitiative.com
Ennis, Co Clare Inis, Contae an Chláir	1916 Re-visited - **Clare County Council** will hold a commemorative ceremony in May 2016 to mark the Rising with a commissioned work, flag raising and reading of the Proclamation at the site of the 50th anniversary commemoration stone at the Club Bridge in Ennis. hwalsh@clarecoco.ie	Athchuairt ar 1916 - Beidh searmanas comórtha ar siúl ag **Comhairle Contae an Chláir** i Bealtaine 2016 chun an tÉirí Amach a chomóradh le saothar coimisiúnaithe, ardú brataí agus léamh an Fhorógra ar shuíomh na cloiche comórtha 50 bliain ag Droichead an Chumainn in Inis. hwalsh@clarecoco.ie
Clarecastle, Co Clare Droichead an Chláir, Contae an Chláir	**Clarecastle, Ballyea Heritage & Wildlife Group** present a 1916 pageant involving period costume and drama reflecting elements of events associated with 1916. The event will take place during Heritage week in August 2016. catherineoco@gmail.com	Cuireann **Grúpa Oidhreachta agus Fiadhúlra Dhroichead an Chláir** agus Bhaile Uí Aodha glóir-réim 1916 i láthair ina mbeidh feisteas ón tréimhse úd agus dráma a léiríonn gnéithe de na himeachtaí a bhain le 1916. Titfidh an t-imeacht amach i rith Sheachtain na hOidhreachta i Lúnasa 2016. catherineoco@gmail.com
Shannon, Co Clare Sionainn, Contae an Chláir	**Coiste Comóradh Eirí Amach 1916-2016** will unveil a monument in 2016 consisting of 3 standing stones commemorating 1916 in Shannon. seanonuanain@yahoo.com	Cuirfidh **Coiste Comórtha Eirí Amach 1916-2016** séadchomhartha i láthair go poiblí in 2016 ina mbeidh 3 ghallán a dhéanann comóradh ar 1916 sa tSionainn. seanonuanain@yahoo.com

Cooraclare, Co Clare Cuar an Chláir, Contae an Chláir	**Cooraclare Commemoration Committee** present a three day event (6th -8th May, 2016) commemorating Con Colbert, whose mother was a Clare woman from Clonreddan, Co Clare. Colbert wrote many letters to his uncle in Clare. The event will consist of visiting speakers, exhibition of memorabilia, commemorative booklet, a mass and unveiling of a plaque in the village in his honour. jojogarry@hotmail.com	Cuireann **Coiste Comórtha Chuar an Chláir** imeacht trí lá (ón 6 go dtí an 8 Bealtaine 2016) i láthair a dhéanann comóradh ar Con Colbert. Cláiríneach a bhí i máthair Con ó Cloonreddan, Contae an Chláir agus scríobh Con go leor litreacha chuig a uncail sa Chlár. Is éard a bheidh san imeacht ná cainteoirí ar cuairt, taispeántas d'earraí cuimhneacháin, leabhrán comórtha, Aifreann agus plaic a chur i láthair go poiblí sa sráidbhaile in onóir dó. jojogarry@hotmail.com
Cuan an Chláir, Ennis Cuan an Chláir, Inis	**Cuan an Chláir** will unveil a commemorative garden at a ceremony during Easter 2016 consisting of a commemorative plaque, the raising of the Irish flag and the planting of 7 trees. paulinemac12@eircom.net	Déanfaidh **Cuan an Chláir** gairdín comórtha a chur i láthair ag searmanas i rith Cháisc 2016 ina mbeidh plaic chomórtha, ardú bhratach na hÉireann agus 7 gcrann a chur. paulinemac12@eircom.ne
Tuamgraney, Co Clare Tuaim Gréine, Contae an Chláir	**East Clare Commemoration Group** will celebrate the contributions made by members of the old East Clare Brigade, Cumann na mBan and Scariff martyrs in the memorial Park, Tuamgraney, and the Scariff church grounds during Easter 2016. A proclamation stone will be unveiled, the Irish flag raised with music by the Tulla Pipe Band and an oration by a prominent historian. May Ryan 061 92 1113	Déanfaidh **Grúpa Comórtha Oirthear an Chláir** ceiliúradh ar rannchuidiú chomhaltaí Shean-Bhriogáid Oirthear an Chláir, Chumann na mBan agus mhairtírigh na Scairbhe i bpáirc an chuimhneacháin, Tuaim Gréine, agus i dtailte shéipéal na Scairbhe i rith Cháisc 2016. Cuirfear cloch an Fhorógra i láthair go poiblí, ardófar bratach na hÉireann le ceol ó Bhanna Píob na Tulaí agus déanfaidh staraí mór le rá óráid. May Ryan 061 92 1113
Kilkishen, Co Clare Cill Chisín, Contae an Chláir	**Glenwood Ambush Memorial Committee** will unveil two plaques on the site of the ambush of 1921, the first containing the text of the Procalmation and the second a song about the ambush. There will be a launch ceremony accompanied by a reading of the proclamation and a pageant/concert in late January 2016 at Glenwood, Belvoir, Co Clare. nevillepf@eircom.net	Cuirfidh **Coiste Cuimhneacháin Luíocháin Choill an Ghleanna** dhá phlaic i láthair ar shuíomh luíocháin 1921, beidh téacs an Fhorógra ar an gcéad cheann agus beidh amhrán faoin luíochán ar an dara ceann. Beidh searmanas seolta ar siúl agus léifear an Forógra agus beidh glóir-réim/ ceolchoirm ar siúl go déanach in Eanáir 2016 ag Coill an Ghleanna, Baile Uí Mhaghair, Contae an Chláir. nevillepf@eircom.net

Town Hall, Kilrush, Co Clare Hall an Bhaile, Cill Rois, Contae an Chláir	**Kilrush 1916-2016 Commemoration Committee** will hold a commemoration ceremony on Easter Sunday, 27th March 2016 at 3pm in Kilrush. This will consist of a keynote speaker, reading of proclamation in Irish and English, reading of poems of 1916 leaders, laying of a wreath and unveiling of a commemorative plaque/artwork. The Army Reserve Corps will be invited to attend. thomasaprendeville@eircom.net	Beidh searmanas comórtha ar siúl ag **Coiste Cuimhneacháin 1916-2016 Chill Rois** Domhnach Cásca an 27 Márta 2016 ag 3pm i gCill Rois. Is éard a bheidh ann seo ná príomhchainteoir, léamh an fhorógra i nGaeilge agus i mBéarla, dánta faoi cheannairí 1916 a léamh, fleasc a leagan agus plaic/saothair ealaíne a chur i láthair go poiblí. Tabharfar cuireadh do Chór Cúltaca an Airm chun freastal. thomasaprendeville@eircom.net
Aistear Park, Mountshannon, Co Clare Páirc Aistear, Baile Uí Bheoláin, Contae an Chláir	**Mountshannon Community Council** will dedicate a commemorative area in Aistear Park to 1916. The community will erect a flagpole and plaque and hold an ecumenical celebratory ceremony on Easter weekend 2016. fionalevie@gemail.com	Tiomnóidh **Comhairle Pobail Bhaile Uí Bheoláin** limistéar cuimhneacháin i bPáirc Aistear do 1916 – cuirfidh an pobal crann brataí airde plaic in airde agus beidh searmanas éacúiméineach ceiliúrtha ar siúl deireadh seachtaine na Cásca 2016. fionalevie@gemail.com
Cranny, Co Clare An Chrannaigh, Contae an Chláir	**The Peadar Clancy Cultural Festival** which has been running for the past 18 years will dedicate a plaque and garden area to his memory during the weekend of 15th-17th July, 2016. Peadar Clancy served with the Irish Volunteers in the Four Courts during the Rising and was second-in-command of the Dublin Brigade of the Irish Republican Army (IRA) during the War of Independence. lornamaggiewallace@yahoo.com	Tiomnóidh **Féile Chultúir Pheadair Clancy**, atá ar bun le 18 mbliana anuas, plaic agus limistéar gairdín dá chuimhne i rith an deireadh seachtaine ón 15 go dtí an 17 Iúil 2016. D'fhóin Peadar Clancy le hÓglaigh na hÉireann sna Ceithre Chúirt i rith an Éirí Amach agus ba leascheannasaí é ar Bhriogáid Bhaile Átha Cliath Óglaigh na hÉireann (an tIRA) i rith Chogadh na Saoirse. lornamaggiewallace@yahoo.com
Ennis, Co Clare Inis, Contae an Chláir	"Seachtar fear seacht lá" – one of the highlights of Fleadh Cheoil na hEireann in Ennis in 2016 will be a 1916 commemorative opening Pageant in Cusack Park on August 14th in collaboration with **Comhaltas Ceoltóirí Eireann**. This was first performed in Croke Park in 1966 for the 50th anniversary of the Rising. ceoltrad@eircom.net	"Seachtar fear seacht lá" – ar cheann de bhuaicphointí Fhleadh Cheoil na hÉireann in Inis in 2016, beidh Glóir-Réim chomórtha tosaigh 1916 i bPáirc Uí Chíosóg, an 14 Lúnasa i gcomhar le **Comhaltas Ceoltóirí Éireann**. Léiríodh seo den chéad uair i bPáirc an Chrócaigh i 1966 do chomóradh 50 bliain an Éirí Amach. ceoltrad@eircom.net

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

Throughout the county Ar fud an chontae	**Clare 1916 Centenary Group** presents a series of 7 lectures countywide from latter part of 2015 to end of 2016 throughout the county with an emphasis on the history surrounding the rising and the Proclamation. It will also examine the role that Clare men and women played in the Rising. clare1916centenary@gmail.com	Cuireann **Grúpa Comórtha Céad Bliain 1916** an Chláir sraith 7 léacht i láthair ar fud na tíre ó thráth déanach in 2015 go dtí deireadh 2016 ar fud an chontae agus béim ar an stair a bhaineann leis an éirí amach agus leis an bhForógra. Chomh maith leis sin, scrúdóidh sé an ról a ghlac fir agus mná an Chláir san Éirí Amach. clare1916centenary@gmail.com
Ennis, Co Clare Inis, Contae an Chláir	**Clare 22 Battalion Association** will launch a publication titled "Clare Military Monuments 1916-1921" in Nov/Dec 2015. The publication will list, identify and outline events/ monuments commemorated and their influence on local and national politics. It will represent both sides of the conflict. clare22bn@gmail.com	Seolfaidh **Cumann 22ú Cathlán an Chláir** foilseachán dar teideal "Clare Military Monuments 1916-1921" i Samhain/ Nollaig 2015. Liostófar, sainaithneofar agus tabharfar cuntas san fhoilseachán ar imeachtaí/shéadchomharthaí comórtha agus an tionchar a imríonn siad ar an bpolaitíocht áitiúil agus náisiúnta. Déanfaidh sé ionadaíocht don dá thaobh den choimhlint. clare22bn@gmail.com
Throughout the county during 2016 Ar fud an chontae i rith 2016	**Coiste Comóradh Eirí Amach 1916-2016** present an exhibition on 1916 comprising photographs and artistic representations of the period. This will tour libraries, schools and public halls during 2016. seanonuanian@yahoo.com	Cuireann **Coiste Comórtha Eirí Amach 1916-2016** taispeántas i láthair ar 1916 ina bhfuil grianghraif agus léiriúcháin ealaíonta den tréimhse. Déanfaidh seo turas timpeall na leabharlann, na scoileanna agus na hallaí poiblí i rith 2016. seanonuanian@yahoo.com
Ennis, Co Clare Inis, Contae an Chláir	**The Ennis Bookclub Festival** has invited prominent historians and commentators Diarmuid Ferriter, Caitriona Crowe and Susan McKay to participate in the Festival in 2016. Through a variety of different events aspects of 1916 will be explored. The Festival will also include poetry readings and music performed by The Vanbrugh Quartet reflecting on, amongst other themes, the importance of national identity. The Festival takes place in venues around Ennis from 4th -6th March 2016. ennisbookclubfestival.com	Thug **Féile Chlub Leabhar na hInse** cuireadh do na staraithe agus tráchtairí móra le rá, Diarmuid Ferriter, Caitríona Crowe agus Susan McKay chun páirt a ghlacadh san Fhéile in 2016. Trí éagsúlacht d'imeachtaí, fiosrófar gnéithe de 1916. Áireofar leis an bhFéile, chomh maith, léamh filíochta agus ceol a sheinnfidh Ceathairéad Vanbrugh a dhéanfaidh machnamh ar an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht náisiúnta, i measc téamaí eile. Beidh an Fhéile ar siúl in ionaid timpeall na hInse ón 4 go dtí an 6 Márta 2016. ennisbookclubfestival.com

Teach Cheoil, Grace St, Kilrush, Co Clare Teach an Cheoil, Sráid Ghráinne, Cill Rois, Contae an Chláir	**Kilrush and District Historical Society** present a series of 1916 lectures in January, April and October 2016 (last Tuesday of the month). The lectures will put local events leading up to 1916, the Rising and subsequent events in their national context. kilrushhistoricalsociety@gmail.com	**Cuireann Cumann Staire Chill Rois agus Cheantar Chill Rois** sraith léachtaí ar 1916 i láthair in Eanáir, Aibreán agus Deireadh Fómhair 2016 (an Mháirt dheireanach sa mhí). Leagfaidh na léachtaí imeachtaí áitiúla a fhad le 1916, an tÉirí Amach agus imeachtaí ina dhiaidh sin ina gcomhthéacs náisiúnta. kilrushhistoricalsociety@gmail.com
